Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Droichead – Osradharc Oiliúint don Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla – Iar-bhunscoil

**Cé mhéad lá oiliúna a chuirfear ar fáil?**

Cuireann an Rannóg Ionduchtúcháin Droichead trí lá oiliúna ar fáil do bhaill na bhFoirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG). Cuirtear an oiliúint seo ar fáil cúpla uair le linn na scoilbhliana. Is gnách an oiliúint a chur ar fáil in dhá bhabhta a sceidealtar laistigh de mhí amháin nó dhá mhí – dhá lá as a chéile ar dtús, agus filleadh cúpla seachtain níos déanaí don lá deiridh

**Cé mhéad duine ó scoil amháin a fhreastalaíonn ar an oiliúint?**

Cuirtear múinteoirí ionaid ar fáil le háit múinteoirí agus príomhoidí teagaisc a ghabháil, mar atá leagtha síos i dtreoirlínte na Roinne Oideachais. Iarrtar ar bhaill oilte den FTG gealltanas a dhéanamh dul ar FTG na scoile go ceann trí bliana.

**An gcuirtear múinteoirí ionaid ar fáil?**

Tá clúdach ionadaíochta ar fáil do mhúinteoirí le freastal ar an oiliúint de réir treoirlínte na Roinne Oideachais (RO).

**Conas a chláraím don oiliúint?**

Ba chóir do phríomhoide na scoile baill na foirne tacaíochta gairmiúla a ainmniú. Múinteoirí lánchláraithe leis An Chomhairle Mhúinteoireachta a bhfuil taithí chúig bliana múinteoireachta ar a laghad acu atá oiriúnach. Cuireann an Rannóg Ionduchtúcháin Oide Droichead trí lá oiliúna ar fáil do bhaill na bhFTG. Má tá ceist ar bith sheol ríomhphost chuig angie.grogan@oide.ie

Oide.ie

**Cén difear a dhéanfaidh an oiliúint dom i mo bháil mar bhall den FTG?**

- Is é ról an FTG tacú le MNCanna le linn phróiseas Droichead agus dearbhú comhpháirteach a shíniú ina dhiaidh sin leis an MNC ag deireadh an phróisis. Cuirfidh an oiliúint ar chumas bhaill na FTG
- caidreamh gairmiúil a chothú,
- meantóireacht agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí nuacháilithe agus comhrá gairmiúil machnamhach a chothú leo



CC BY SA

- breathnnóireachtaí seomra ranga a éascú chun an múineadh, an fhoghlaim agus measúnú ar obair daltaí a fheabhsú
- dul i mbun pleanáil ghníomhach
- tacú le múinteoirí nuacháilithe maidir le cleachtadh éifeachtach bainistíochta a bhaint amach sa seomra ranga
- machnamh a dhéanamh ar a gcur chuige gairmiúil féin agus ar a bhfís ghairmiúil
- a ngealltanas i leith forbairt ghairmiúil leanúnacha a neartú

**Cén t-ullmhúchán ar chóir do scoil a dhéanamh sula dtosaítear ar ar oiliúint a chur ar an FTG?**

Nuair atá tú ag fanacht ar oiliúint FTG, ba cheart duit an *Droichead: An Chreatlach Ionduchtaithe Ghairmiúil Chomhtháite* a léamh. Mholfaimis do gach duine labhairt le príomhoide na scoile agus baill den FTG faoi ról an FTG. Tabharfaidh a dtaithí ar phróiseas Droichead léargas úsáideach duit ar an ról.

# Oiliúint FTG Iar-bhunscoil - Osradharc

**Lá 1**

**Aonad 1:** Bun treoir do Droichead

**Aonad 2:** Tuiscint agus obair le MNCanna

**Aonad 3:** Forbairt Scileanna FTG

**Lá 2**

**Aonad 4:** Snáithe A

**Aonad 5:** Athmhachnamh

**Aonad6:** O theoiric go cleachtas

**Lá 3**

**Aonad 7:** Snáithe B

**Aonad 8:** Ceangail le

**Aonad 9:** An Próiseas a chur i Crích